

Beathaí nua curtha le ainm.ie

Cuireadh sé bheatha nuascríofa leis an an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, www.ainm.ie, le deireanas. Ina measc, tá cuntas ar [Paul Drury](#) (1958–2015), iriseoir agus eagarthóir, a bhí ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí iriseoireachta in Éirinn ar feadh os cionn deich mbliana fichead. Nuair a cheap sé an ceart a bheith aige féin nó ag a chuid iriseoirí, ní raibh eagla dá laghad air dúshlán na n-údarás a thabhairt agus cáineadh a dhéanamh orthu siúd a bhí i gcumhacht agus ar lucht an rachmais. Bhí [Diarmuid Mac an Adhastair](#) (1943–2015) ar dhuine de na haisteoirí ba mhó a raibh aithne agus gear air ar scáileáin teilifíse na hÉireann. Rinne sé a chuid féin de pháirt Shéamus Mhicil Tom, rógaire den seandéanamh, ar *Ros na Rún*. Duaisaisteoir eile ba ea [Neasa Ní Annracháin](#) (1922–2014) a chaith beagnach daichead bliain le hAisteoirí Raidió Éireann. Ba de theaghlach Gaeilge mór le rá í agus tá triúr díobh siúd ar ainm.ie chomh maith - Conraitheoir cáiliúil a bhí ina hathair Peadar agus ceoltóir agus aisteoir a bhí ina deartháireacha Fachtna agus Ciarán. B'eagarthóir agus foilsitheoir ildánach é [Caoimhín Ó Marcaigh](#) (1933–2014) a raibh dlúthbhaint le litríocht na Gaeilge aige ar feadh a shaoil. Ceapadh ina Eagarthóir Sinsearach ag an Ghúm é in 1981 agus sa bhliain chéanna thóg sé féin agus a bhean chéile, Aingeal, cúram an chomhlachta foilsitheoireachta Sairséal agus Dill ar láimh. Tugadh Sairséal Ó Marcaigh ar an ghnó sin feasta. Scríbhneoir géarchúiseach, eagarthóir tuisceanach, iriseoir meabhrach agus staraí a raibh ardmheas uirthi ba ea [Mairéad Ní Chinnéide](#) (1942–2015), a chaith a saol agus a dúthracht le cás agus le cúis na Gaeilge. Scríobh sí dhá leabhar mhóra staire, *An Damer: stair amharclainne* (2008) and *Scéal Ghael-Linn* (2013). Criticeoir agus scríbhneoir cruthaitheach ba ea [Muiris Ó Meara](#) (1972–2014) a raibh 'féith na bhfocal agus bua ealaíonta go smior' ann. Bhíodh ailt uaidh ar *Comhar* agus *Feasta* agus é ag plé le réimse leathan ábhar, idir nualitríocht na Gaeilge, léann na hÉireann, an scannánaíocht agus an fhealsúnacht.

Nótaí d'eagarthóirí:

Mórshaothar luachmhar léinn é an cnuasach beathaisnéisí ag www.ainm.ie, a chuimsíonn breis is 1,700 beathaisnéis ó 1560 go dtí an lá inniu. Tá an tionscadal beathaisnéisí Gaeilge seo á fhorbairt ó 2009 i leith ag Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, údair na naoi n-imleabhar a d'fhoilsigh An Clóchomhar idir 1986 agus 2007 faoin teideal *Beathaisnéis*.

Tá 1.3 milliún focal i gcló sna himleabhair chlóite *Beathaisnéis*. Rinne Fiontar & Scoil na Gaeilge digitiú ar an ábhar seo agus cruthaíodh bunachar sonraí as. Foilsíodh ar líne é nuair a seoladh www.ainm.ie in 2011.

Bunaíodh painéal comheagarthóirí in 2013 faoi stiúir Cló Iar-Chonnacht le cuid de na seanbheathaisnéisí a nuashonrú agus le cinn úra a scríobh. Ba iad Éilis Ní Anluain, Mártan Ó Ciardha, agus Fionntán de Brún a sholáthair na cuntais seo ar bheathaí na ndaoine thuasluaite.

Tuilleadh eolais ar fáil ó ainm@dcu.ie nó (01) 700 6577.